Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £4,000 a chur ar fáil do Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain.

<u>An Chomhdháil Mheiriceánach do Léann na hÉireann</u>
Ghlac an bord leis an mholadh deontas nach mó ná €500 a chur ar fáil i 2012 don Chomhdháil Mheiriceánach do Léann na hÉireann.

03.97 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha an tuairisc i láthair an chruinnithe.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí plé ar an Phlean Chorparáideach agus i ndiaidh roinnt mionleasuithe ghlac an Bord leis an Phlean agus aontaíodh go gcuirfí an Plean Corparáideach ar aghaidh chuig na Ranna le bheith faofa ag an chruinniú CATT ar 7 Iúil 2011.

04.97 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
Chuir Cathaoirleach Choiste an Fhoclóra an tuairisc i láthair an chruinnithe. Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta in iúl go mbíonn cruinnithe seachtainiúla aige leis an Eagarthóir Sinsearach agus leis an Bhainisteoir Tionscadail agus go gcuirtear tuairiscí míosúla ar fáil do na Ranna. Aontaíodh go gcuirfí na tuairiscí seo ar fáil do Choiste an Fhoclóra feasta. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le hathdhíol na gcreataí iontrála (Dante). Gabhadh buíochas leis an Choiste agus leis an fheidhmeannas as an obair go dáta.

05.97 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
D'fhág E. Mac Cormaic an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Chuir Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí an tuairisc i láthair an chruinnithe. Aontaíodh go gcuirfí an Tuarascáil ar Straitéis úr maidir le Foras na Gaeilge i leith Earnáil na Meáin Ghaeilge clóite agus ar-líne ar fáil don Bhord nuair a bheadh sí pléite go mion ag an Choiste. Cuireadh in iúil go mbeadh cur i láthair ar an tuairisc ag an chéad cruinniú eile.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhill E. Mac Cormaic ag an phointe seo.

06.97 POLASAÍ UM CHUMHDACH LEANAÍ
Bhí plé ar an pholasaí agus aontaíodh go gcuirfí siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile é.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

07.97 COLMCILLE
Thug Cathaoirleach Chomhchoiste Cholmcille tuairisc ar an chruinniú a bhí aige agus ag Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha Fhoras na Gaeilge le Ceannard agus le Leasaiche Seirbheisean Corporra Bhòrd na Gàidhlig ar 9 Meitheamh in Albain. Moladh go léireofaí tacaíocht an Fhorais do Cholmcille ag an chruinniú CATT ar 7 Iúil. Aontaíodh go socrófaí cruinniú den Chomhchoiste i mí Iúil.

08.97 CEAPADH COMHAIRLEORA CAIDRIMH PHOIBLÍ
Bhí plé ar an mholadh maidir le ceapadh comhairleora caidrimh phoiblí agus aontaíodh go lorgófaí clár oibre ó Stillwater Communications agus go bpléifí an clár oibre ag cruinniú eile.

09.97 CEAPADH ÁISÍNEACHTA LE TACAÍOCHT A THABHAIRT I gCOMHAIR FORBAIRT INNEACHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ AR LÍNE
Ghlac an Bord leis an mholadh conradh nua bliana a thairiscint do MediaOne don tréimhse 1 Samhain 2011 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2012. (Aguisín 2)

10.97 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 BEALTAINE 2011 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2011
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go dtí 31 Nollaig 2011.

11.97 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

12.97 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

1. Go raibh S. Ó Coinn i ndiaidh glacadh leis an tairiscint don phost mar LPF/SSO agus go mbeadh sé ag toiseacht le Foras na Gaeilge ag tús Mheán Fómhair.

2. Gur tharla an dara seisiún eolais maidir le dréacht-chritéir do na scéimeanna ar 02 Meitheamh.

3. Go mbeadh cruinniú den CATT ar 07 Iúil in Ard Mhacha agus go mbeadh an Plean Gnó agus an Plean Corparáideach le plé ann.

4. Go raibh na socruithe maidir leis an scéim "Scríobh Leabhar" don bhliain 2011 – 2012 á bplé faoi láthair.

5. Go raibh cruinniú á shocrú leis an Aire Ní Chuilín, CTR.

13.97 COMHFHREAGRAS
Scaipeadh cóip den Chomhráiteas ón chruinniú iomlánaíoch CATT den 10 Meitheamh 2011 mar eolas.

14.97 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2011
Nótáil an Bord an t-uasdátú ar an Phlean Gnó.

15.97 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon ghnó eile le plé.

16.97 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA

Glac an Bord le Clár Ríosca uasdátaithe Fhoras na Gaeilge.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2 agus faoi Chuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí plé ann faoi mhiontuairiscí an tseisiúin iata agus aontaíodh go ndéanfaí iad a roinnt ar bhaill Bhoird roimh an chéad chruinniú eile.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
22 Iúil 2011

Aguisín 1 Scéim na bhFéilte

Iarrthóir	Féile	Méid deontas á lorg	Méid deontas tugtha i 2010	Méid deontas molta 2011	Méid deontas molta 2011
				€	£
Alliance Francaise	**Franco-Irish Literary Festival**	€2,000	€2,000	€2,000	
Áras Éanna	**Féilte Áras Éanna 2011**	€12,500	€3,000	€3,000	
Ionad Ealaíona Iorrais Teo.	**Féile na bPáistí**	€4,000	€3,000	€3,000	
Artsekta	**Artsekta**	£3,480	n/bh		£2,000
An Droichid	**Féile An Droichid**	£7,980	£5,000		£4,000
Baffle Poetry Group	**Baffle**	€2,000	£2,500	€2,000	
Ballina Chamber of Commerce	**Samhain Abhainn**	€5,000		€4,000	
Baboró	**Baboró**	€6,000	€5,000	€5,000	
Ceol Cé (Na Macallaí)	**Ceol Cé**	€5,000	n/bh	€3,000	
Comharchumann Rath Cairn	**Féile na Mí**	€5,000	n/bh	€2,000	
Cumann Chultúrtha Mhic Reachtain	**Scoil Samhraidh Mhic Reachtain**	£5,000	£5,000		£4,000

Dingle Trad Fusion Festival	**Féile Trad an Daingean**	€1,200	n/bh	€1,000	
Loinneog Lúnasa Féile Cheoil Ghaoth Dobhair	**Féile Cheoil Ghaoth Dobhair**	€8,000	n/bh	€4,000	
Craobh Crann Lir	**Féile an Fhómhair, Iorrais**	€3,000	n.bh	€2,000	
Féile an Iúir	**Féile an Iúir**	€2,000	n/bh	€2,000	
Féile Ghrianstad an tSamhraidh/ Summer Soltice Festival	**Féile Ghrianstad an tSamhraidh/ Summer Soltice Festival**	€5,000	n/bh	€3,000	
The Western Writers Centre	**Féile Uí Chonaire**	€5,000	n/bh	€3,000	
Feile Chois Cuain	**Feile Chois Cuain**	€2,500	€2,400	€2,000	
Féile Bhaile an Tóchair	**Feis agus Féile Bhaile an Tóchair**	€3,300	€2,500	€2,000	
Feile Scannán Meiriceá Laidineach	**Feile Scannán Meiriceá Laidineach**	€2,000	€2,000	€1,000	
Turasóireacht Acla Teo	**Féile Scéalaióochta Acla/ Achill's Storytelling Festival**	€2,500	€4,000	€2,500	
Féile Uí Chearúlláin	**Féile Uí Chearúlláin**	€4,000	€3,500	€3,000	

Féile na Locha	**Féile na Locha**	€4,000	n/bh	€3,000	
Féile Dhoire	**Féile Dhoire**	Stg£965	n/bh		£950
Féile Pan Ceilteach	**Féile Pan Ceilteach Chorca Dhuibhne 2011**	€25,000	€25,000	€12,000	
Féile Oirghialla	**Féile Oirghialla**	€6,850	€3,000	€2,000	
Féile Scoildrámaíocht an Chláir	**Féile Scoildrámaíocht an Chláir**	€1,500	n/bh	€1,500	
Cúirt - Féile Idirnáisiúnta Filíochta	**Cúirt - Féile Idirnáisiúnta Filíochta**	€2,000	n/bh	€2,000	
Comhar Caomhán Teo.	**Féile Joe Mháirtín**	€4,845	n/bh	€3,000	
Féile na hInse	**Féile na hInse 2011**	€3,000	€3,000	€3,000	
Féile Bia Phort Láirge	**Féile Bia Phort Láirge**	€2,000		€2,000	
Féile Joe Éinniú	**Féile Joe Éinniú**	€2,000	€1,000	€1,000	
Glór an Tuaiscirt	**GaeilFeist Ard Eoin**	£10,020	n/bh		£5,000
Guth Gafa	**Guth Gafa**	€10,000	€3,500	€3,000	

Imram	**Imram - Féile Litríochta Gaeilge**	€16,050	€15,000	€15,000	
Immrama	**Immrama - Lismore Festival of Travel Writing**	€5,000	€3,000	€3,000	
Galway Film Fleadh	**Junior Galway Film Fleadh**	€5,000	n/bh	€2,000	
Navan Choral Festival	**Navan Choral Festival**	€5,000	€1,500	€2,000	
Open House Traditional Arts Festival Ltd.	**Open House Traditional Arts Festival**	£9,175	n/bh		£6,000
Scoil Samhraidh Willie Clancy	**Scoil Samhraidh Willie Clancy**	€5,000	€4,500	€4,500	
Shop'n Spree na Nollag 2011	**Shop'n Spree na Nollag 2011**	€14,785		€3,000	
Seachtain na Scribhneoirí Lios Tuathail	**Seachtain na Scribhneoirí Lios Tuathail**	€1,500	€1,500	€1,500	
An Gaeláras	**An Gaeláras**	£18,000	£12,000		£7,000
Sean Nós Cois Life	**Sean Nós Cois Life**	€2,000	n/bh	€1,500	
Thurles Halloween Arts Festival	**Thurles Halloween Arts Festival**	€5,000	€3,000	€2,500	
Willie Keane Memorial Weekend	**Willie Keane Memorial Weekend**	€3,000	€3,000	€2,500	
18th William Kennedy Piping	**18th William Kennedy Piping Festival**	£6,000	n/bh		£4,000

Festival					

32,950
119,500 40,183

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Míreanna 1, 9 agus 10 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aguisín 2.

Ceapadh áisíneachta le tacaíocht a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge i gcomhair forbairt inneachair agus seirbhísí ar líne.

Beidh an Conradh idir Foras na Gaeilge agus MediaOne chun tacaíocht a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge i gcomhair forbairt inneachair agus seirbhísí ar líne istigh ar 31 Deireadh Fómhair 2011.
Lorg Foras na Gaeilge tairiscintí poiblí, sa ghnáth bhealach tríd an láithreán ghréasáin E-Tenders in 2009 agus faoin spriocdháta ar 2 Deireadh Fómhair fuarthas iarratas amháin ón gcomhlacht MediaOne.
Rinneadh measúnú ar an iarratas i gcomhar le comhairleoir seachtrach.
Tá an áisíneacht ag tabhairt tacaíochta d'Fhoras na Gaeilge sna réimsí seo a leanas:

- Riarachán ó lá go lá i ngach tionscnamh bunaithe ar an nGréasán de chuid Fhoras na Gaeilge
- Forbairt inneachair dhátheangaigh do thionscnaimh bunaithe ar an nGréasán de chuid Fhoras na Gaeilge
- Teagmháil le ranna uile Fhoras na Gaeilge maidir le forbairt inneachair chuí
- Teagmháil le grúpaí agus eagraíochtaí maoinithe Fhoras na Gaeilge le cinntiú go bhfuil a n-inneachar siúd chun dáta agus ábhartha
- Teagmháil le haon tríú páirtí agus pháirtí leasmhar eile le cinntiú go bhfuil an t-inneachar go léir chun dáta agus ábharach
- Anailís, cur i láthair agus forbairt tionscnaimh fhéideartha bunaithe ar an nGréasán
- Cuidiú le forbairt straitéisí ar líne

Is seirbhís riachtanach é seo d'Fhoras na Gaeilge agus tá an post san áireamh san aighneacht maidir le breis foirne atá leis na ranna faoi láthair.

<u>Moladh</u>
Moltar conradh nua bliana a thairiscint do MediaOne don tréimhse 1 Samhain 2011 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2012.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Míreanna 1, 9 agus 10 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Costas Iomlán	**€63,283.00**

Miontuairiscí ón 98ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 22 Iúil 2011 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leaschathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, L. Kennedy, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, Á. Andrews, C. Nic Pháidín, L. Bhreatnach agus P. Ó Biadha.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: A. Nic Chárthaigh, D. Ó Béarra, É. Ó hArgáin (Rúnaí) agus M. Ó Ríordáin.

01.98 MIONTUAIRISCÍ 23 MEITHEAMH AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Aontaíodh go leasófaí na miontuairscí le cur in iúl gur fhág M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú roimh thuairisc an Choiste Iniúchta agus gur fhág A. Nic Chárthaigh an cruinniú roimh an phlé ar cheapadh comhairleora caidrimh phoiblí. Chuir an Cathaoirleach in iúl gur scaipeadh nóta maidir le hionad na gcruinnithe Boird go deireadh na bliana agus go mbeadh cruinniú na Nollag i mBéal Feirste. Aontaíodh clár an chruinnithe a athrú agus an ráiteas caiteachais agus buiséad athbhreithnithe a phlé ag tús an chruinnithe.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

04.98 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2011 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2011

Tháinig N. Ní Ógáin i láthair an chruinnithe.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go ndearnadh athbhreithniú iomlán ar an bhuiséad don chruinniú seo agus go raibh méid áirithe airgid le hathdháileadh roimh dheireadh na bliana. Aontaíodh go gcuirfí €27,000 breise ar fáil le haghaidh Scéim na nImeachtaí Óige do na hiarratais a cáilíodh ach ar diúltaíodh dóibh ceal airgid.

Tháinig S. Ó Cearnaigh i láthair an chruinnithe. Bhí plé ar chúrsaí taighde. Aontaíodh go gcuirfí suim airgid suas go €120,000 ar fáil le haghaidh taighde uile-oileánda ar dhearcadh an phobail ar an Ghaeilge agus go mbeadh duine ar conradh chun an taighde a bhainistiú, dá mba ghá.

D'fhág S. Ó Cearnaigh an cruinniú ag an phointe seo.

Aontaíodh go ndéanfadh an feidhmneannas fiosrú maidir le 'E-readers' a cheannach do na comhaltaí Boird. Aontaíodh go ndéanfadh an feidhmneannas fiosrú maidir le stoc leabhar an Ghúim a scannadh agus a chur ar fáil go leictreonach. Aontaíodh go n-amharcfadh Coiste na nDeontas ar na hiarratais nár éirigh leo ceal airgid.

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go dtí 31 Nollaig 2011. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí Mheán Fómhair.

D'fhág N. Ní Ógáin an cruinniú ag an phointe seo.

02.98 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

D'fhág S. Breathnach, M. Mac Ruairí agus Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na nImeachtaí Óige **(Aguisín 1)**.

D'fhill S. Breathnach, M. Mac Ruairí agus Á. Andrews ag an phointe seo agus d'fhág C. Nic Pháidín mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hathruithe pleananna Chlár na Leabhar Gaeilge **(Aguisín 2)**.
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

03.98 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Scaipeadh cóip de thuairisc ón Choiste Forbartha. Cuireadh in iúl gur cheadaigh an CATT síneadh ama do na heagrais bhunmhaoinithe go deireadh Meithimh 2012. Ardaíodh ceist an ndearnadh scagadh ar na haighneachtaí a fuarthas ón chomhairliúchán poiblí agus cuireadh in iúl go raibh duine seachtrach á dhéanamh. Scaipeadh cóip de Dhréachtphlean Gnó Fhoras na Gaeilge 2012 agus iarradh ar na comhaltaí aon mholtaí ina leith a chur i scríbhinn chuig S. Ó Cearnaigh faoin 16 Lúnasa 2011.

05.98 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais ar iarratais ar dheontais.

06.98 TUAIRISC AN PHRÍOMFHEIDHMEANNAIGH
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

13. Gur tharla cruinniú CATT ar 07 Iúil. Ag an chruinniú pléadh:
    - Obair an Fhorais,
    - Athstruchtúrú ar an earnáil bhunmhaoinithe,
    - Ráitis Airgeadais an Fhoras Teanga.

14. Go raibh cruinniú leis an Aire Ní Chuilín agus leis an Aire Deenihan ar 06 Iúil nuair a thug siad cuairt ar oifig Bhéal Feirste.

15. Go raibh cruinniú den ghrupa oibre maidir le feidhmiú na Straitéise 20 bliain don Ghaeilge ar 05 Iúil.

16. Go mbeadh an t-iniúchadh suímh ag an C&AG ag toiseacht an tseachtain seo chugainn.

07.98 COMHFHREAGRAS
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

08.98 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE
Nótáil an Bord an t-uasdátú ar an Phlean Gnó.

09.98 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon ghnó eile le plé.

11.98 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl gur ghlac an Coiste le Tuarascáil an Iniúchóra Inmheánaigh do 2010 agus go mbeadh an tuarascáil le scaipeadh ar an Bhord don chéad chruinniú eile. Chuir sé in iúl gur pléadh an clár riosca agus go

scaipfí ar an Bhord é mar eolas. Chuir sé in iúl go gcaithfí tosaíocht a dhéanamh de chúrsaí foirne.

Tháinig M. Nic Giolla Mhichíl i láthair ag an phointe seo.

10.98 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ

Tháinig an Dr. Regina Uí Chollatáin i láthair an chruinnithe agus thug sí cur i láthair ar an tuairisc a bhí ullmhaithe aici d'Fhoras na Gaeilge i leith earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne. Ghabh an Bord buíochas léi as an chur i láthair agus d'fhág sí an cruinniú. Scaipeadh cóip chrua den tuairisc ar an Bhord. Aontaiodh an tuairisc a fhoilsiú ar shuíomh an Fhorais. Ardaíodh ceist arbh fhéidir seimineár a reáchtáil ar na meáin le linn an Oireachtais i mbliana agus d'aontaigh an Príomhfheidhmeannach go ndéanfadh sé teagmháil le lucht an Oireachtais ina leith.

Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Miontuairiscí an tseisiúin iata 23 Iúil 2011

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2 agus faoi Chuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
23 Meán Fómhair 2011

Aguisín 1

Uimh. Thágartha	Ainm an Eagrais	Méid Molta san Iomlán €	Méid Molta 2011 €	Méid Molta 2012 €	Méid Molta san Iomlán £ stg	Méid Molta 2011 £ stg	Méid Molta 2012 £ stg
11010106.65	Ógras	3,990.00	0.00	3,990.00			
11010106.66	Ógras	4,140.00	0.00	4,140.00			
11010106.67	Ógras	3,150.00	0.00	3,150.00			
11010106.71	Ógras	2,550.00	2,550.00	0.00			
11010106.22	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtair				3,500.00	1,280.00	2,220.00
11010106.56	Ógras	2,900.00	2,900.00	0.00			
11010106.43	Ionad Uibh Eachach				3,500.00	1,400.00	2,100.00
11010106.13	Club Óige Setanta				3,100.00	150.00	2,950.00
11010106.57	Ógras	3,400.00	0.00	3,400.00			
11010106.12	Club Óige Setanta				3,336.00	1,111.00	2,225.00
11010106.31	An Gaeláras				1,960.00	968.00	992.00
11010106.32	An Gaeláras				1,960.00	968.00	992.00
11010106.41	Glór na Móna				3,500.00	1,750.00	1,750.00
11010106.16	Coláiste Feirste (BELB)				3,500.00	2,070.00	1,430.00
11010106.60	Ógras	5,000.00	2,605.00	2,395.00			
11010106.63	Ógras	4,437.00	2,617.00	1,820.00			
11010106.11	Club Óige na Carraige Móire				3,500.00	1,380.00	2,120.00
11010106.45	Naí-ionad an tSléibhe Dhuibh				3,500.00	1,750.00	1,750.00
11010106.25	Cumann Gaelach Ait Thi Chaithail				3,500.00	1,620.00	1,880.00
11010106.51	Ógras	2,675.00	2,675.00	0.00			
11010106.01	Ballyholland PS				3,250.00	1,450.00	1,800.00
11010106.80	St Marys Primary School				3,211.00	1,256.00	1,955.00
11010106.64	Ógras	2,700.00	2,700.00	0.00			

11010106.07	Cairdeas Eoghain				3,013.33	2,023.33	990.00
11010106.14	Coiste Ghaeloideachais Chromghlinne				3,500.00	1,750.00	1,750.00
11010106.73	Ógras an Chaistil				3,500.00	1,960.00	1,540.00
11010106.26	Cumann Iarscoil na gCrann				3,500.00	1,400.00	2,100.00
11010106.78	Seal Spraoi, Conradh na Gaeilge				3,500.00	2,673.00	827.00
11010106.24	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain				3,500.00	1,590.00	1,910.00
11010106.38	Glinsk Community Childcare Limited	4,900.00	2,550.00	2,350.00			
11010106.48	Ógras	4,326.00	2,511.00	1,815.00			
11010106.53	Ógras	4,480.00	3,200.00	1,280.00			
11010106.54	Ógras	5,000.00	2,850.00	2,150.00			
11010106.50	Ógras	3,220.00	0.00	3,220.00			
11010106.28	An Droichead				3,226.00	3,226.00	0.00
11010106.20	Comhairle Dhún Geanainn & Thír Eoghain Theas				2,120.00	1,160.00	960.00
11010106.86	An Droichead				3,376.00	0.00	3,376.00
11010106.58	Ógras	2,710.00	2,710.00	0.00			
11010106.44	Na Cultúr Vultures	4,800.00	1,900.00	2,900.00			
11010106.82	Tonnta Ltd				3,500.00	996.00	2,504.00
11010106.83	Tonnta Ltd				3,500.00	3,500.00	0.00
11010106.04	Cairde Uí Néill				3,500.00	1,402.00	2,098.00
11010106.06	Cairde Uí Néill				3,500.00	1,402.00	2,098.00
11010106.49	Ógras	5,000.00	3,265.00	1,735.00			

11010106.61	Ógras	3,201.00	2,321.00	880.00			
11010106.03	Cairde na Gaelscoile (Naíscoil Éadain Mhóir)				3,500.00	1,750.00	1,750.00
11010106.27	Croí Éanna				3,500.00	1,750.00	1,750.00
11010106.42	Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin				3,500.00	938.00	2,562.00
11010106.62	Ógras	4,886.00	2,991.00	1,895.00			
11010106.69	Ógras	3,759.00	1,970.00	1,789.00			
11010106.72	Ógras	3,100.00	1,870.00	1,230.00			
11010106.87	St Patrick's Community Centre Mayobridge				3,500.00	1,400.00	2,100.00
11010106.68	Ógras	4,325.00	3,095.00	1,230.00			
11010106.09	Club Óige Mhachaire Botháin				3,500.00	3,500.00	0.00
11010106.10	Club Óige Mhachaire Botháin				3,500.00	0.00	3,500.00
11010106.35	Gaelscoil Éanna				3,500.00	1,750.00	1,750.00
11010106.47	Ógras	2,940.00	0.00	2,940.00			
11010106.52	Ógras	4,250.00	4,250.00	0.00			
11010106.17	Coláiste Feirste (BELB)				2,167.05	1,882.05	285.00
11010106.33	An Gaeláras				3,300.00	1,300.00	2,000.00
11010106.23	Cormeen Sports Complex	3,010.70	1,450.70	1,560.00			
11010106.37	Gaelscoil na Speiríní				3,500.00	2,825.00	675.00
11010106.59	Ógras	4,537.50	0.00	4,537.50			
11010106.79	Spraoi agus Spórt	5,000.00	2,500.00	2,500.00			
11010106.76	Ógras Thrá Lí	3,948.00	2,304.00	1,644.00			
11010106.77	Partry Community Council	5,000.00	3,300.00	1,700.00			
11010106.39	Glór an Tuaiscirt				3,050.00	1,550.00	1,500.00
11010106.40	Glór Dhún Geimhin				3,491.14	3,491.14	0.00
11010106.36	Gaelscoil Léim an Mhadaidh				3,500.00	2,010.00	1,490.00
11010106.08	Ceol 's Comhrá	5,000.00	2,300.00	2,700.00			
11010106.34	Gaelscoil an Chaistil				3,500.00	2,570.00	930.00

11010106.75	Ógras Chluainí	0.00	0.00	0.00			
11010106.18	Coláiste Feirste (BELB)				0.00	0.00	0.00
11010106.70	Ógras	0.00	0.00	0.00			
11010106.46	Naíscoil an Chaistil				0.00	0.00	0.00
11010106.74	Ógras Bhaile Uí Thaidhg	0.00	0.00	0.00			
11010106.55	Ógras	0.00	0.00	0.00			
11010106.21	Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh						
11010106.19	Coláiste Feirste (BELB)				0.00	0.00	0.00
11010106.02	Cairde Grúpa Chulturtha de Scoil Ghrainnsigh				0.00	0.00	0.00
11010106.05	Cairde Uí Néill				0.00	0.00	0.00
11010106.15	Coiste na nGleann				0.00	0.00	0.00
11010106.29	FEACHTAS	0.00	0.00	0.00			
11010106.30	Féile Cheilteach Chill Chainnigh i gcomhar le Daonscoil Osraí	0.00	0.00	0.00			

11010106.81	The Forge FamilyResource Centre	0.00	0.00	0.00			
11010106.84	Óige Ghleann na Muaidhe	0.00	0.00	0.00			
11010106.85	Naíscoil Léim an Mhadaidh				0.00	0.00	0.00

	2011	2012
	63,384.70	**58,950.50**
	81,648.20	**78,791.46**
Iomlán €	**145,032.90**	**137,741.96**

66,951.52 64,609.00

122,335.20 **131,560.52**

Aguisín 2

Nótaí eolais – Athruithe pleananna

Cló Iar-Chonnacht
(Iomlán deontas ceadaithe: €177,575)
Leabhar amháin curtha leis an bplean.

Leabhar Breac
(Iomlán deontas ceadaithe: €53,000)
Leabhar amháin curtha leis an bplean. Ardú tagtha ar an díolachán.

Miontuairiscí ón 99ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 23 Meán Fómhair 2011 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leaschathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, L. Kennedy, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, Á. Andrews, C. Nic Pháidín, A. Nic Chárthaigh, D. Ó Béarra agus P. Ó Biadha.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: L. Bhreatnach.

Cuireadh fáilte roimh S. Ó Coinn, Leas-Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, chuig a chéad chruinniú Boird.

01.99 MIONTUAIRISCI 22 IÚIL AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Cuireadh in iúl go raibh fiosrú á dhéanamh maidir le costas 'E-readers' agus cúrsaí chosaint sonraí. Chuir Á. Andrews in iúl gur iarr sí go gcuirfí miontuairiscí ó chruinnithe an Choiste Chomhairligh/Stiúrtha ar fáil don Bhord agus go ndéanfaí seo a nótáil sna miontuairiscí. Cuireadh in iúl nár scaipeadh Tuarascáil an Iniúchóra Inmheánaigh ar an Bhord ach go mbeadh sé ar an chlár don chéad chruinniú eile.
Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.99 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS
D'fhág A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl, E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, C. Nic Pháidín agus Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Bhí plé ar an iarratas ó Chomhaltas Uladh agus ghlac an Bord leis an mholadh a leanas;
Sa bhreis ar an deontas réamhcheadaithe de £39,167 don tréimhse 1 Eanáir go 31 Bealtaine 2011, moltar méid breise de **£41,384** a chur ar fáil do Chomhaltas Uladh don seacht mí deireannacha de 2011 mar chuid de bhundeontas iomlán de **£80,551** údaraithe do bhliain 2011.
Cuireadh an tairiscint eile maoinithe don tréimhse chéanna, a údaraíodh ar 20 Bealtaine 2011 ar ceal.

Ghlac an Bord leis an nóta eolais maidir le bunmhaoiniú FNT i bprionsabal go dtí go gcuirfeadh siad próifíl shásúil chaiteachais isteach agus nach gá é a chur faoi bhráid an Bhoird arís **(Aguisín 1)**.
D'fhill A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, C. Nic Pháidín agus Á. Andrews ag an phointe seo.
Bhí plé ar iarratais Cholmcille a pléadh ag Comhchoiste Cholmcille ar 27 Iúil agus a chuaigh faoi bhráid Choiste na nDeontas. Cuireadh in iúl go raibh suim airgid de €7,000 fágtha ar lár a ceadaíodh i mí Lúnasa anuraidh don Comórtas Filíochta, Bhéal na mBuillí. Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais Cholmcille **(Aguisín 2)**.
D'ardaigh A. Nic Chárthaigh ceist faoin phróiseas moltaí Chomhchoiste Cholmcille a

chur faoi bhráid Choiste na nDeontas nuair nach raibh sin aontaithe ag Comhchoiste Cholmcille.
D'fhill E. Mac Cormaic ag an phointe seo.
Thug an Bord suntas do na nótaí eolais ó FNT agus ó Chlár na Leabhar Gaeilge **(Aguisín 3 agus 4)**.

03.99 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
D'ardaigh M. Nic Giolla Mhichíl ceist faoin phróiseas comhairliúcháin agus na haighneachtaí a fuarthas. D'iarr sí go gcuirfí an focal 'Poiblí' leis an 'Tuarascáil ar an Phróiseas Comhairliúcháin' a d'ullmhaigh sainchomhairleoir don Fhoras. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur cuireadh cóip de gach uile aighneacht chuig an Choiste Forbartha agus gur pléadh iad.
D'fhág A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl, E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, C. Nic Pháidín agus Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Bhí plé ag an Bhord ar na scéimeanna nua. Leasaíodh an buiséad don Scéim Áiseanna Foghlama go €1,829,452 agus leasaíodh an buiséad do Scéim na nEalaíon go €1,949,008.
Ghlac an Bord leis na scéimeanna ar fad agus thug an Bord cead don fheidhmeannas mionleasuithe a dhéanamh orthu dá mba ghá. Aontaíodh nach dtabharfaí cóip de na scéimeanna do na comhaltaí Boird a bhfuil coimhlint leasa acu go dtí go mbeadh siad pléite ag an CATT.
Scaipeadh cóip de litir ón Fhóram agus aontaíodh go gcuirfí freagra chucu ag cur in iúl gur pléadh an litir ach go raibh an Bord míshásta le roinnt pointí. Scaipeadh cóip de litir ó Phobal.
D'fhill A. Nic Chárthaigh ag an phointe seo agus d'iarr sí go ndéanfaí a nótáil sna miontuairiscí go raibh sí uair an chloig ag fanacht taobh amuigh den seomra agus go gcaithfeadh sí an cruinniú a fhágáil ag an phointe sin.
D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, C. Nic Pháidín agus Á. Andrews ag an phointe seo.
Léirigh Á. Andrews imní agus buaireamh faoi na próisis agus an próiseas cinnteoireachta. Chuir an Cathaoirleach in iúl gur cloíodh leis na próisis chuí.
Bhí plé ar an chruinniú den Choiste Comhairleach a bhí ann ar 22 Meán Fómhair. Ardaíodh ceist faoin fhógra a tugadh don chruinniú agus chuir M. Nic Giolla Mhichíl in iúl nach raibh ach lá go leith tugtha do bhaill an Choiste tuairimí a chur ar fáil agus d'iarr sí go gcuirfí seo ar an taifead.
D'iarr comhaltaí go ndéanfaí plé mar seo ag tús nó ag deireadh cruinnithe as seo amach.

04.99 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
Thug an Bord suntas don tuairisc ón Choiste Nuachtán agus Irisí agus ghlac siad leis an mholadh maidir le Scéim Iris Chlóite 2012-2014 a fhógairt agus aontaíodh buiséad €240,000 thar 3 bliana don tionscadal.

05.99 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
Ghlac an Bord leis an mholadh conradh ar luach nach mó ná €156,680 idir seo agus deireadh 2014 a aontú le IDM (€126,605 in 2011, agus €10,025 in 2012, 2013 agus 2014) leis an leagan ar líne den fhoclóir Béarla-Gaeilge a fhorbairt agus a óstáil.
Ghlac an Bord leis an dara moladh go mbeadh cead ag an Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, íocaíochtaí nach mó ná €10,000 san iomlán a cheadú

le IDM maidir le leasuithe breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtaca leis an fheidhmchlár DPS.
Bhí plé ar an Athbhreithniú ar an Chaighdeán Oifigiúil agus na himpleachtaí a d'fhéadadh bheith ann don fhoclóir. Iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach litir oifigiúil a chur chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le cur chuige an Fhorais i leith an fhoclóra.

06.99 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTI 31 LÚNASA AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2011
Nótáil an Bord an Ráiteas Caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go dtí 31 Nollaig 2011.

07.99 NÓTA EOLAIS MAIDR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais ar iarratais ar dheontais.

08.99 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

17. Go mbeadh cruinniú CATT ar 12 Deireadh Fómhair.

18. Go raibh na ranna sásta go líonfaí roinnt postanna.

19. Gur iarr na Ranna orainn páipéar maidir leis an taighde a chur ar fáil. Chuimsigh an páipéar sin cúlra agus stair an taighde mar aon leis an chur chuige. Cuireadh sin ar fáil ach níl aon fhreagra faighte ar ais go fóill.

20. D'iarr an Roinn orainn gan aon iarrthóir rathúil a cheapadh faoin "Scéim do Sholáthróir sainchúrsaí oiliúna Gaeilge don earnáil phoiblí" gan plé leo.

21. Go raibh cruinniú ag an LPF/SSO agus aige féin leis an Aire Oideachais ó thuaidh, John O Dowd, CTR, ar 07 Iúil 2011.

22. Go raibh an t-iniúchadh suímh ag an C&AG críochnaithe.

23. Go mbeadh cruinniú de Chomhchoiste Cholmcille ann 05 Deireadh Fómhair 2011 i mBéal Feirste.

09.99 COMHFHREAGRAS
Nótáil an Bord an comhfhreagras a bhí faighte.

10.99 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE
Nótáil an Bord an t-uasdátú ar an Phlean Gnó.

11.99 POLASAÍ CUMHDACH LEANAÍ
Ghlac an Bord leis an Pholasaí Cumhdach Leanaí uasdátaithe.

12.99 CEAPADH COMHAIRLEORA CAIDRIMH PHOIBLÍ

Tháinig C. Fennell agus N. Fennell ó Stillwater Communications i láthair an chruinnithe agus thug siad cur i láthair don Bhord.
Ghlac an Bord leis an mholadh conradh bliana eile a thairiscint do Stillwater Communications don tréimhse 1 Samhain 2011 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2012.

13.99 AON GHNÓ EILE
Iarradh ar an fheidhmeannas dátaí molta le haghaidh cruinnithe Boird 2012 a chur ar fáil roimh an chéad chruinniú Boird eile.
D'ardaigh M. Mac Ruairí ceist faoi scéim a bheith ann don naíscolaíocht agus bunú naíscoileanna agus iarradh air moladh a chur chuig an Choiste Forbartha ina leith.

Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2 agus faoi Chuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____
L. Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
4 Samhain 2011

Aguisín 1

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1001178A
Ainm an Eagrais: FNT
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2011

Ag cruinniú boird ar an 20 Bealtaine 2011 ceadaíodh deontas nach mó na **€508,224** mar bhunmhaoiniú ó Mheitheamh go Nollaig 2011 d'FNT.

Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht a fuarthas 23/08/11 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad FNT (mar a ceadaíodh é ar an 20/05/11) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh.

	Ceadaithe € 20/05/11	**Leasú Iarrtha € 23/08/11**
Tuarastail	**€**	**€**
Príomhoifigeach	47,005	45,749.85
Oifigeach Feidhmiúcháin	22,306	22,306
Eagraí Oideachais	0	0
Rúnaí Oifige	0	0
Fo-iomlán	**69,311**	**68,055.85**
Costais reatha		
Gnáthchostais reatha	23,933	18,838.15
Taisteal agus cothabháil	5,000	5,000
Fo-iomlán	**28,933**	**23,838.15**
Imeachtaí / Tionscadail		
An Scéim Fhóirdheontais	410,000	410,000
An Ciste Teanga	0	0
Oifig an Aire do Leanaí	0	0
Scéim Chabhrach	0	6,350
Cúrsa do Bhainisteoirí Naíonraí	0	0
Dianchúrsa d'Ábhar Stiúrthóirí Naíonraí	0	0
Seimineár lae	**0**	
Fo-iomlán	**410,000**	**416,350**
Iomlán	**508,244**	**508,244**

Mar eolas

Cuireadh in iúl go bhfuil 24 naíonra nua le hoscailt i mí Meán Fómhair 2011 agus faoin Scéim Chabhrach faigheann gach naíonra pacáiste d'áiseanna ar luach €400. Tá an buiséad leasaithe le gur féidir le FNT €6,350 a chur ar fáil faoin mír buiséid seo. D'éirigh leo €1,250 a bhailiú don Scéim Chabhrach tar éis feachtas tiomsaithe airgid a reáchtáil.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 29 Lúnasa 2011.

Aguisín 2

Foras na Gaeilge **Cruinniú Boird: 23 Meán Fómhair 2011**

Mír: 2

Bhí cruinniú de Chomhchoiste Cholmcille ar 27 Iúil. Bhí comhaltaí na hÉireann i láthair agus comhalta amháin as Albain páirteach ar ghlaochomhdháil. Pléadh na iarratais a leanas agus cheadaigh an Comhchoiste na deontais a leanas. (Ciallaíonn * go bhfuil faomhadh an Bhoird de dhíth don deontas.)
Achoimre:

1. Éire – thuaidh

Cód	**Ainm**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
CC111208 *	Gael-Trail	£6,450	£3,000
CC111212	Irish Pages	£6,000	£6,000
CC111219 *	Pobal	£1,455	£1,455
CC111220 *	Pobal	£5,050	£5,000
CC111222 *	Raidió Fáilte	£4,607	£4,607
			Iomlán £20,062

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Míreanna 9 & 10 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

2. Albain

Cód	**Ainm**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
CC111203	Cearcaill na Gaidhlig Lannraig a Tuath		£2,500
CC111206	Celtic Neighbours	£4,000	£4,000 (£2,000 i 2011 agus £2,000 i 2012)
CC111210 *	Fèis Rois	£16,000	£16,000
CC111224	Sealladh	£5,000	£5,000
			Iomlán £27,500

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Míreanna 9 & 10 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

3. Éire – theas

Cód	Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
CC111205 *	An Chrannóg	€16,000	€10,000
CC111214	Na Macallaí	€4,000	€4,000
CC111217 *	Glór na nGael	€3,700	€3,700
CC111218	Nuacht TG4	€3,500	€3,500 (€1,750 i 2011 agus €1,750 i 2012)
CC111228 *	Féile Idirnáisiúnta Filíochta Bhéal Atha na mBuillí	€9,700	€4,500 (2012)
			Iomlán €25,700

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Míreanna 9 & 10 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Nóta Eolais

1001178 – FNT
Ceadaíodh deontas ar luach **€506,973** d'FNT ag cruinniú boird ar an 17 Nollaig 2010 don tréimhse 1 Eanáir 2011 go 31 Bealtaine 2011.

Ní raibh éileamh déanta ar iomlán an deontais faoi dheireadh Bealtaine mar sin tá €3,173.35 le díscríobh ón deontas sin.

1001178 – Altram
Ceadaíodh deontas ar luach **€107,323 (£88,005stg)** d'Altram ag cruinniú boird ar an 17 Nollaig 2010 don tréimhse 1 Eanáir 2011 go 31 Bealtaine 2011.

Ní raibh éileamh déanta ar iomlán an deontais faoi dheireadh Bealtaine mar sin tá €1,895.87 le díscríobh ón deontas sin.

1001178A - FNT
Ceadaíodh deontas ar luach €1,093,077 d'FNT do 2010. Bhí €59,919.70 den deontas sin nach raibh caite ag 31/12/10 agus beidh an méid sin le baint ón uasmhéid gur féidir a íoc i mbliana faoin deontas thuas luaite do 2011.

Ag cruinniú boird ar an 20 Bealtaine 2011 ceadaíodh deontas nach mó na **€508,224** mar bhunmhaoiniú ó Mheitheamh go Nollaig 2011 d'FNT. Bunaithe ar an eolas thuasluaite, moltar an figiúr sin a leasú le nach mbeidh níos mó ná €448,304.30 le híoc le FNT i mbliana.

Aguisín 4

Nótaí eolais – Athruithe pleananna

Cló Iar-Chonnacht
(Iomlán deontas ceadaithe: €177,575)
An saothar 'Ré' le Dáithí Ó Muirí bainte ón bplean agus an saothar 'Spionáin is Róiseanna' le Nuala Ní Dhomhnaill curtha leis an bplean.

An Sagart
(Iomlán deontas ceadaithe: €35,700)
An saothar 'Filí Chorcaí Innti' le Tadhg Ó Dúshláinne bainte ón bplean agus an saothar 'Delphine & Marionette' le Seán Ó Síocháin curtha leis an bplean. Ardú ar chaiteachas eile (cíos) agus laghdú ar thuarastal. Ní dhéanfar an obair forbartha a bhí beartaithe ar an suíomh idirlín ach déanfar níos mó obair mhargaíochta tríd an suíomh. Tá laghdú ar an díolachán measta.

Miontuairiscí ón 100ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 4 Samhain 2011 ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Airne.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, , M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, L. Bhreatnach, Á. Andrews agus C. Nic Pháidín.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: É. Kinch, L. Kennedy, D. Ó Béarra agus A. Nic Chárthaigh.

01.100 MIONTUAIRISCÍ 23 MEÁN FÓMHAIR AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

D'ardaigh Á. Andrews ceist faoina ráiteas ón chruinniú Boird dheireanach a d'iarr sí a bheith san áireamh sna miontuairiscí. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur aontaigh an Cathaoirleach agus é féin comhairle dlí a lorg ina leith agus gurb í an chomhairle dlí a fuarthas gan an ráiteas a chur sna miontuairiscí. Scaipeadh cóip dá ráiteas ar an Bhord mar aon le cóip den chomhairle dlí. Scaipeadh cóip de chomhairle bhreise a fuarthas ón Fhoras Riaracháin freisin.

D'iarr M. Nic Giolla Mhichíl go leasófaí na miontuairiscí le cur in iúl gur an Coiste Comhairleach a bhí i gceist aici i mír 03.99 'nach raibh ach lá go leith tugtha don Choiste tuairimí a chur ar fáil...'

D'aontaigh an Bord go scaipfeadh an Príomhfheidhmeannach na miontuairiscí leasaithe ón chruinniú Boird/Choiste Iniúchta cuí mar a léiríodh faoi mhír 03.99.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus aontaíodh gurbh fhéidir mír 03.99 a phlé arís agus a leasú dá mba ghá.

02.100 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

D'fhág C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Bhí plé ar an Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí Oiliúna Gaeilge don Earnáil Phoiblí 2011-2014. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh tuilleadh soiléirithe le cur ar fáil don Roinn. Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €199,998 a chur ar fáil do Ghaelchultúr thar thréimhse de 3 bliana – (2011 = €20,000; 2012 = €66.666; 2013 = €66.666; 2014 €46,666).

D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gCoimisiún **(Aguisín 1)** agus Scéim na nOidí **(Aguisín 2)**.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hIarratais ar Thionscadail Litríochta **(Aguisín 3)**. Bhí plé ann faoi chúrsaí foilsitheoireachta agus léitheoireachta.

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hathruithe pleananna Chlár na Leabhar Gaeilge **(Aguisín 4)**.

D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

03.100 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA

Scaipeadh cóip de thuairisc ón Choiste Forbartha dár dháta 04 Samhain 2011 ar an Bhord.

D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín agus Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Scaipeadh cóip de litir a tháinig ón Fhóram dár dháta 02 Samhain 2011 agus bhí plé ina leith.
D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín agus Á. Andrews ag an phointe seo.
Scaipeadh cóip de litir a tháinig ó na Ranna Urraíochta dár dháta 03 Samhain 2011 maidir leis an chuíchóiriú agus an tréimhse chomhairliúcháin bhreise 12 seachtain a aontaíodh ag an CATT ar 12 Deireadh Fómhair 2011.

04.100 FOCAL.IE
Thug an Bord suntas don tuairisc maidir le www.focal.ie.

05.100 AN COISTE TÉARMAÍOCHTA
D'fhág C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.
Ghlac an Bord le moladh an Choiste Téarmaíochta T. Ó Ruairc a cheapadh ina Chathaoirleach agus an Dr. D. Ó Sé a cheapadh ina Leas-Chathaoirleach ar an Choiste Téarmaíochta go dtí 13 Márta 2014.
D'fhill C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.

06.100 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEÁN FÓMHAIR 2011 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2011
Bhí plé ar an ráiteas caiteachais agus cuireadh in iúl go bhféadfadh nach n-éileofaí suas le €725,000 roimh dheireadh na bliana.
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go dtí 31 Nollaig 2011. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.
Cuireadh in iúl go raibh N. Ní Ógáin, Clárbhainisteoir Airgeadais agus Theicneolaíocht na Faisnéise, ag éirí as a post. Ghabh an Bord buíochas léi as an obair ar fad a rinne sí d'Fhoras na Gaeilge.

07.100 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

08.100 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Chuir an Príomhfheidhmeannach a thuairisc i láthair an Bhoird:

- go raibh Cathaoirleach nua le ceapadh ar an Choiste Iniúchta agus ball nua le ceapadh ar an Choiste Nuachtán agus Irisí.

Aontaíodh M. Nic Giolla Mhichíl mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus agus D. Ó Murchú mar bhall nua ar an Choiste Nuachtán agus Irisí go dtí deireadh thréimhse an Bhoird (12 Nollaig 2011.

- go raibh tréimhse bhallraíochta ar Bhord an Fhorais istigh ag E. Mac Cormaic agus P. Ó Biadha. .

Ghabh an Bord buíochas le E Mac Cormaic agus le P. Ó Biadha as an obair ar fad a rinne siad ar an Bhord.

- go mbeadh seoladh fhoilseachán úr an Gúm ann ar 24 Samhain 2011,
- go seolfadh na hAirí, D. Mac Fhionnlaoich, T.D., C. Ní Chuilín, CTR agus A. Allan BPA, Slí Cholmcille ar 11 Samhain i nGaoth Dobhair,
- gur foilsíodh Plean Forfheidhmithe na Roinne don bhliain 2011 maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Thug an Príomhfheidhmeannach uasdátú ar an staid reatha maidir le *LeabharPower*.
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

09.100 COMHFHREAGRAS
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

10.100 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2011
Nótáil an Bord an t-uasdátú ar an Phlean Gnó.

11.100 MOLADH MAIDIR LE DÁTAÍ LE hAGHAIDH CRUINNITHE BOIRD i 2012
Ghlac an Bord leis na dátaí molta do na cruinnithe Boird in 2012. **(Aguisín 5)**

12.100 AON GHNÓ EILE
Bhí plé ann faoi Mhír 03.99 de Chruinniú 23 Meán Fómhair agus aontaíodh go bhfillfí ar an cheist seo ar an chéad chruinniú dá mba ghá.

13.100 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIUCHTA
Cuireadh in iúl go raibh Tuarascáil an Iniúchóra Inmheánaigh pléite agus faofa ag an Choiste Iniúchta. D'iarr na Cathaoirleach go gcuirfí an tAthbhreithniú a mholtar i dtuarascáil an Iniúchóra Inmheánaigh in Alt 6.5 dá thuarascáil:

> [*éifeachtúlacht na nósanna imeachta atá ann faoi láthair d'idirghníomhú an Bhoird leis an Fheidhmeannas a mheas chun cuidiú le soiléiriú prótacail atá ann faoi láthair chun gnó a dhéanamh san eagraíocht]*

a chur ar chlár an Iniúchóra Inmheánaigh.

_____
Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
2 Nollaig 2011

Aguisín 1

Scéim na gCoimisiún

Cló Iar-Chonnacht

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014
CLG11075	Jackie Mac Donncha	Cnuasach gearrscéalta do dhaoine óga	10,000	0				
CLG11076	Maidhc P. Ó Conaola	Saothair neamhfhicsean	10,000	0				
CLG11077	Anna Heussaff	Úrscéal bleachtaireachta do dhaoine fásta	12,000	8,000	1,600	3,200	3,200	
CLG11078	Mícheál Ó Conghaile	Cnuasach gearrscéalta do dhéagóirí sinsearacha	8,000	6,000	1,200	4,800		
CLG11092	Cló Iar-Chonnacht	Riarachán	2,000	1,000			500	500
		Iomlán	**42,000**	**15,000**	**2,800**	**8,000**	**3,700**	**500**

Cois Life

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014
CLG11034	Alex Hijmans	Saothar neamhfhicsean	9,800	8,000	1,600	6,400		
CLG11040	Donla Uí Bhraonáin	Leabhar laethanta na Gaeilge - saothar neamhfhicsean	10,900	6,000	1,200	4,800		
CLG11041	Liam Ó Muirthile	Úrsceál	10,500	8,000	1,600	6,400		
CLG11043	Orna Ní Choileáin	Ficsean do dhéagóirí óga	8,130	0				
CLG11038	Cois Life	Riarachán	2,000	1,500			1,500	
		Iomlán	**41,330**	**23,500**	**4,400**	**17,600**	**1,500**	

Futa Fata

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014
CLG11068	Tadhg Mac Dhonnagáin	Sraith leabhair do pháistí réamhscoile	10,000	2,000	400	1,600		
CLG11069	Bridget Bhreathnach	Leabhar do pháistí óga	3,000	3,000	600	2,400		
CLG11079	Máire Ní Chualáin	Leabhar do pháistí óga	3,000	3,000	600	2,400		
CLG11080	Patricia Forde	Sraith leabhair do pháistí	10,000	8,000	1,600	6,400		
CLG11104	Futa Fata	Riarachán	2,000	2,000		1,000	1,000	
		Iomlán	**28,000**	**18,000**	**3,200**	**13,800**	**1,000**	

Leabhar Breac

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014
CLG11036	Aoife Ní Dhufaigh	Sraith leabhair do pháistí	11,000	6,000	1,200	4,800		
CLG11039	Darach Ó Scolaí	Sraith leabhair do pháistí	11,000	0				
CLG11042	Máire Uí Dhufaigh	Saothar do dhaoine óga	11,000	5,000	1,000	4,000		
CLG11062	Éilís Ní Anluain	Úrscéal	11,000	0				
CLG11106	Leabhar Breac	Riarachán	2,000	1,000			1,000	
		Iomlán	**46,000**	**12,000**	**2,200**	**8,800**	**1,000**	

Cló Mhaigh Eo

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014
CLG11082	Áine Ní Ghlinn	Sraith leabhair do pháistí	9,000	6,000	1,200	4,800		
CLG11084	Colmán Ó Raghallaigh & Tom Collins	Úrsceál Grafach	7,000	6,000	1,200	4,800		
CLG11086	Gabriel Rosenstock	Leabhar do pháistí	4,000	4,000	800	3,200		

CLG11093	Cló Mhaigh Eo	Riarachán	1,500	1,500		1,000	500	
		Iomlán	**21,500**	**17,500**	**3,200**	**13,800**	**500**	

LeabhairCOMHAR

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**	**Buiséad measta 2014**
CLG11087	Laoise Ní Chléirigh	Leabhar do dhéagóirí	6,000	5,000	1,000	4,000		
CLG11088	Mícheál Ó Ruairc	Saothar don fhoghlaimeoir fásta	7,000	5,000	1,000	4,000		
CLG11089	Órla Ní Chuilleanáin	Saothar acadúil	4,000	4,000	800	3,200		
CLG11103	*Leabhair*COMHAR	Riarachán	1,500	1,500			1,500	
		Iomlán	**18,500**	**15,500**	**2,800**	**11,200**	**1,500**	

An tSnáthaid Mhór

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**	**Buiséad measta 2014**
CLG11083	Caitríona Nic Sheáin	Saothar do pháistí	7,000	4,000	800	1,600	1,600	
CLG11091	An tSnáthaid Mhór	Riarachán	500	500				500
		Iomlán	**7,500**	**4,500**	**800**	**1,600**	**1,600**	**500**

An Sagart

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**	**Buiséad measta 2014**
CLG11060	Nuala Ní Dhomhnaill	Saothar neamhfhicsean	12,000	8,000	1,600	3,200	3,200	
CLG11037	Bríd Ní Mhóráin	Prós & filíocht	12,000	0				
CLG11085	Domhnall Mac Síthigh	Saothar neamhfhicsean	12,000	8,000	1,600	3,200	3,200	
CLG11090	An Sagart	Riarachán	1,500	1,000				1,000
		Iomlán	**37,500**	**17,000**	**3,200**	**6,400**	**6,400**	**1,000**

Mór-iomlán	**242,330**	**123,000**	**22,600**	**81,200**	**17,200**	**2,000**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo de bhrí gu faisnéis dhíolmhaite í
Faoi Chuid 2, míreanna 9 agus 10 den
Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aguisín 2

Scéim na nOidí 2011

Moladh glacadh leis na hiarratais seo a leanas faoi Scéim na nOidí:

Réimse Liteartha: Gearrscealaíocht

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012
CLG11064	**Ábhar scríbhneora**	Majella Ní Dhomhnaill	1,000		1,000
CLG11108	**Oide**	Le socrú (M. Ó Ruairc molta)	2,850	1,000	1,850
	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

Réimse Liteartha: Úrscéalaíocht cruthaitheach do dhaoine óga

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012
CLG11033	**Ábhar scríbhneora**	Orna Ní Choileáin	1,000		1,000
CLG11109	**Oide**	Le socrú (G. Rosenstock molta)	2,850	1,000	1,850
	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

Réimse Liteartha: Gearrscéalaíocht & saothair d'fhoghlaimeoirí fásta

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012
CLG11031	**Ábhar scríbhneora**	Eithne Ní Dhomhnaill	1,000		1,000
CLG11110	**Oide**	Le socrú (Alan Titley molta)	2,850	1,000	1,850
	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

Réimse Liteartha: Gearrscéalaíocht

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012
CLG11046	**Ábhar scríbhneora**	Réaltán Ní Leannáin	1,000		1,000

CLG11111	**Oide**	Le socrú (Dermot Somers molta)	2,850	1,000	1,850
	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

Réimse Liteartha: Gearrscéalaíocht

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012
CLG11074	**Ábhar scríbhneora**	Seán Mag Uidhir	1,000		1,000
CLG1112	**Oide**	Le socrú (Seán Mac Mathúna molta)	2,850	1,000	1,850
	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

	Méid iarratais	Deontas	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012
Mór - Iomlán	5	**19,250**	**5,000**	**14,250**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo de bhrí gur faisnéis dhíolmhaite í
Faoi Chuid 2, míreanna 9 agus 10 den
Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aguisín 3

Clár na Leabhar Gaeilge

Iarratais ar Thionscadail Litríochta

CLG11099 Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig

Gníomh	*Méid Iarrtha*	*Méid molta*	*Caiteachas measta 2011*	*Caiteachas measta 2012*
	€	**€**	**€**	**€**
An Dara Comhdháil Idirnáisiúnta ar Litríocht na nÓg	5,000	5,000	2,500	2,500
Iomlán	**5,000**	**5,000**	**2,500**	**2,500**

Moltar suim nach mó ná **€5,000.00** do Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig i leith An Dara Comhdháil Idirnáisiúnta ar Litríocht Ghaeilge na nÓg don tréimhse ó 7 Samhain 2011 go 31 Nollaig 2012.

CLG11101 Young at Art

Gníomh	*Méid Iarrtha*	*Méid molta*	*Caiteachas measta 2011*	*Caiteachas measta 2012*
	€	**€**	**€**	**€**
Ócáidí litríochta Ghaeilge do pháistí a eagrú mar chuid d'Fhéile na bPáistí i mBéal Feirste	5,610	3,610	2,065	1,545
Iomlán	**5,610**	**3,610**	**2,065**	**1,545**

Moltar suim nach mó ná €3,610 a chur ar fáil do Young at Art i leith Sos agus Scéalta don tréimhse 7 Samhain 2011 go 31 Nollaig 2012.

Aguisín 4

Nótaí eolais – Athruithe pleananna

Futa Fata
(Iomlán deontas ceadaithe: €59,698)
Leabhar amháin bainte ón bplean – 'Aneas'. Dhá athchló curtha leis an bplean, Gugalaí Gug & Peigín Leitir Mór chomh maith le costas obair ealaíne Blian na nAmhrán. Laghdú ar dhíolachán measta.

Arlen House
(Iomlán deontas ceadaithe: €21,000)
Leabhar amháin bainte ón bplean – 'Eipeagraf'. Laghdú ar dhíolachán measta.

Páistí Press
(Iomlán deontas ceadaithe: €10,600)
Dhá leabhar bainte ón bplean – 'An cheiliúradh' agus 'Lá Iontach' agus €2,900 le dí-scríobh.

Aguisín 5
Foras na Gaeilge **Cruinniú Boird: 4 Samhain 2011**
Mír:

Moladh maidir le sceideal cruinnithe an Fhorais i 2012

Dé hAoine, 27 Eanáir	**Baile Átha Cliath**
Dé hAoine, 9 Márta	**Béal Feirste**
Dé hAoine, 20 Aibreán	**Baile Átha Cliath**
Dé hAoine, 25 Bealtaine	**Béal Feirste**
Dé hAoine, 29 Meitheamh	**Gaoth Dobhair**
Dé hAoine, 27 Iúil	**Baile Átha Cliath**
Dé hAoine, 28 Meán Fómhair	**Béal Feirste**
Dé hAoine, 2 Samhain	**Leitir Ceanainn (Oireachtas na Gaeilge)**
Dé hAoine, 14 Nollaig	**Baile Átha Cliath**

Miontuairiscí ón 101ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 2 Nollaig 2011 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), É. Kinch, L. Kennedy, D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, L. Bhreatnach, Á. Andrews, A. Nic Chárthaigh, C. Nic Pháidín agus D. Ó Béarra.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

01.101 MIONTUAIRISCÍ 4 SAMHAIN 2011 AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Bhí plé ann ar na miontuairiscí. Chuir Á. Andrews in iúl nach raibh sí sásta glacadh leis na miontuairiscí agus d'iarr sí go gcuirfí seo ar an taifead. Chuir sí in iúl gur iarr sí comhairle dlí ar chostais an Fhorais ach nach raibh sin sonraithe sna miontuairiscí. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur phléigh sé an cheist leis na Ranna agus gur cuireadh in iúl go mbeadh aon chostas mar seo le híoc ag an chomhalta féin. Glacadh leis na miontuairiscí.

02.101 MOLTAI Ó CHOISTE NA nDEONTAS
D'fhág C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, Á. Andrews, A. Nic Chárthaigh agus S. Ó Coinn an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Cuireadh in iúl go raibh an méid molta do Chomhluadar le leasú go €104,136. Cuireadh in iúl go raibh an méid molta do Chonradh na Gaeilge le haghaidh Seachtain na Gaeilge le leasú go €18,215. Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le maoiniú na n-eagras bunmhaoinithe.

Ainm an Eagrais	**Maoiniú molta don tréimhse ó 1 Eanáir go 30 Meitheamh 2012**
Glór na nGael	**€243,988**
Oireachtas na Gaeilge	**€205,842**
Raidió na Life	**€102,780**
Conradh na Gaeilge	**€222,708**
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	**€111,520**
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	**€292,333**
Forbairt Feirste	**£52,142**
Iontaobhas Ultach	**£93,600**
Pobal	**£85,767**
Comhaltas Uladh	**£34,226**
Raidió Fáilte	**£48,446**
FNT	**€499,108**
Altram	**£86,730**
Comhluadar	**€104,136**
Cumann na bhFiann	**€221,756**
Gael-Linn	**€297,080**

Gaelscoileanna	**€218,298**
Comhar na Múinteoirí Gaeilge	**€93,040**
An tÁisaonad	**£171,522**

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais ó Phobal **(Aguisín 1)**, Chomhar na Múinteoirí Gaeilge **(Aguisín 2)** agus ó Ghaelscoileanna Teo **(Aguisín 3)**.
D'fhill C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, Á. Andrews, A. Nic Chárthaigh agus S. Ó Coinn ag an phointe seo.

Eagraíocht	Cód uimhir	Méid iarrtha	Méid molta
An Gaeláras	11010168	£195,060.09	£141,214

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £141,214 a chur ar fáil don Ghaeláras mar mhaoiniú don bhliain 2012.

Eagraíocht	Cód uimhir	Méid iarrtha	Méid molta
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	11010173	£110,922	£106,765

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £106,765 a chur ar fáil do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich mar mhaoiniú don bhliain 2012.

D'fhág C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl agus A. Nic Chárthaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ainm	Cód uimhir	Méid iarrtha	Méid molta
Dioplóma i Múineadh na Gaeilge d'Aoisigh	11010181	€160,000	€120,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €120,000 (€17,500 i 2011, €70,000 i 2012 agus €32,500 i 2013)a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad chun cuidiú leis na costais a bhaineann leis an tionscadal 'Dioplóma i Múineadh na Gaeilge d'Aoisigh' don tréimhse 01/11/2011 go 31/03/2013.

Ainm	Cód uimhir	Méid iarrtha	Méid molta
Vifax don Ghaeilge	11010174	€14,027.34	€14,027.34

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €14,027.34 (€7,500 i 2011 agus €6,527.34 i 2012) a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad chun cuidiú leis na costais a bhaineann leis an tionscadal 'Vifax don Ghaeilge' don tréimhse 05/10/2011 go 30/04/2012.

D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl agus A. Nic Chárthaigh ag an phointe seo.
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hathruithe pleananna Chlár na Leabhar Gaeilge **(Aguisín 4).**
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.
Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le léitheoireacht agus foilsitheoireacht na Gaeilge.
D'fhág Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Bhí plé ar na critéir le haghaidh maoiniú réamhscolaíochta. Aontaíodh go leasófaí pointe 4 go 'd'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge nó ag tacú le tionscadal atá ann cheana féin sa cheantar'. Aontaíodh go leasófaí pointe 8 agus 9 go 'fianaise

ann go mbeidh deiseanna foghlama Gaeilge ann nó sa phobal do thuismitheoirí' agus go 'fianaise go beidh imeachtaí breise Gaeilge ann nó sa phobal'. Ghlac an Bord leis na critéir le haghaidh maoiniú réamhscolaíochta **(Aguisín 5).**
D'fhill Á. Andrews ag an phointe seo.

03.101 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €240,000 (€80,000 in aghaidh na bliana) a chur ar fáil do Chomhar Teoranta chun iris chlóite Ghaeilge a fhoilsiú ar feadh tréimhse an chonartha ó Eanáir 2012 go Nollaig 2014. Aontaíodh gurbh fhiú amharc ar dhearadh na hirise sin feasta. Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £36,000 (£3,000 in aghaidh an eagráin) a chur ar fáil chun an iris Nós* a fhorbairt agus a fhoilsiú go míosúil, i bhfoirm clóite agus ar líne, le haghaidh tréimhse 12 mhí mar thionscadal píolótach.

04.101 MOLTAÍ Ó CHOMHCHOISTE CHOLMCILLE
Scaipeadh cáipéis uasdátaithe maidir le hiarratais Cholmcille. Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar dheontais **(Aguisín 6)**. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú straitéise le heagrú le Bord na Gaidhlig i mí Eanáir 2012 maidir le todhchaí Cholmcille.

05.101 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Cuireadh in iúl go raibh an cháipéisíocht don chomhairliúchán poiblí réidh agus go raibh an cháipéisíocht don Mheasúnú Tionchair Chomhionannais á ullmhú.

06.101 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
Thug an Bord suntas don tuairisc a chuir Cathaoirleach Choiste an Fhoclóra faoina mbráid. Chuir Cathaoirleach Choiste an Fhoclóra in iúl gur chóir a lua sna miontuairiscí go raibh sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht leanúnach ar an fhoclóir ó thús na bliana 2012 ar aghaidh.

07.101 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 DEIREADH FÓMHAIR 2011 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2011
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go dtí 31 Nollaig 2011. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhair leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

08.101 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

09.101 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

Go raibh an post mar Chlárbhainisteoir: Airgeadas & Teicneolaíocht na Faisnéise, fógartha agus 02 Nollaig mar sprioc.

Maidir leis na poist eile:

- Eagarthóir – gearrliostú agus scrúduithe déanta.
- Eagarthóir Cúnta – gearrliostú agus scrúduithe déanta.
- Fear Stórais – tairiscint déanta.

- Oifigeach Foirne (BF) – tharla na hagallaimh agus go raibh glactha leis an tairiscint ag an iarrthóir rathúil.

Gur síníodh an conradh le IDM chun an leagan leictreonach den Fhoclóir Béarla-Gaeilge a fhorbairt agus a óstáil.

Go raibh plé ag leanúint le Foilsiú Éireann maidir le maoiniú Leabhar Power.

Nach gcuirfí tús leis an chomhairliúchán 12 seachtain go dtí tús Eanáir 2012.

Go mbeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna sásta thart ar €250,000 a chur ar fáil an bhliain seo chugainn chun go ndéanfaí forbairt ar áiseanna leictreonacha agus áiseanna ar líne a bhaineann leis an tionscadal bunscoile Séideán Sí.

Ardaíodh ceist faoi dhílárú agus aontaíodh go gcuirfí litir chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leith ag cur in iúl míshástacht an Bhoird agus ag iarraidh go ndéanfaí an gaol a láidriú idir an Bord nua agus an Roinn maidir le ceisteanna tábhachtacha polasaí.

10.101 COMHFHREAGRAS
D'fhág C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl agus Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Bhí plé ar an litir ón Fhóram agus aontaíodh go ndéanfaí an cheist a phlé ag an chruinniú den Choiste Stiúrtha ar 5 Nollaig agus go gcuirfí freagra chuig an Fhóram ina dhiaidh sin.
D'fhill C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl agus Á. Andrews ag an phointe seo.

11.101 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2011
Nótáil an Bord an t-uasdátú ar an Phlean Gnó.

12.101 AON GHNÓ EILE
Ghabh P. Ó Gallchóir buíochas ó chroí leis an fheidhmeannas as an tacaíocht ar fad a chuir siad ar fáil don Bhord. Ghabh C. Nic Pháidín buíochas le rúnaí gach fochoiste Boird. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na comhaltaí, leis an fheidhmeannas agus le cathaoirleach gach fochoiste. Thacaigh an Príomhfheidhmeannach le ráiteas an Chathaoirligh agus ghuígh rath ar gach duine.

13.101 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Choiste ann an oíche roimhe. Scaipeadh cóip den chlár rioscaí ar an Bhord agus ghlac an Bord leis. Ardaíodh ceist faoi mhiontuairiscí bheith foilsithe ar líne agus sa chás nach mbeadh míreanna ar leith le foilsiú ar an suíomh, go gcuirfí sin in iúl don Bhord.

_____
Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
26 & 27 Eanáir 2012

Aguisín 1

Nóta Eolais

Ainm an Eagrais: Pobal
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2011

Ag cruinniú boird ar an 20 Bealtaine 2011 ceadaíodh deontas nach mó na **£178,307** mar bhunmhaoiniú do 2011 do Pobal i. **£99,430** (ó Meitheamh go Nollaig) sa bhreis ar an deontas réamhcheadaithe de **£78,877** don tréimhse 1 Eanáir go 31 Bealtaine 2011.

Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht dar dáta 09/11/11 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad Pobal (mar a ceadaíodh é ar an 20/05/11) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:

	2011 - £ (01 Ean. go 31 Nollaig)	**2011 - £**
Tuarastail		
Príomhfheidhmeannach (NJC54, Ean. 2011)	58,971	58,971
Oif. Forbartha (SO 193, Meith. 2010)	35,523	35,523
Oif. Forbartha (SO 193, Ean. 2011)	35,469	35,469
Oifigeach Airgeadais, Pears. & Riar. (EOII 289, Ean. 2011)	35,436	33,549.78
Costais sainoiliúna	0	1,886.22
	165,399	**165,399**
Taisteal agus cothabháil	**917**	**917**
Costais reatha agus riaracháin	**10,158**	**10,158**
Imeachtaí / Tionscadail		
Ocaidí Eolais	**1,833**	**1,833**
Iomlán	**£178,307**	**£178,307**

Mar eolas

Is mar gheall ar fhuílleach, ag eascairt as tréimhse folúntais gan ceapúchán, go bhfuil cead á lorg le £1,886.22 a chaitheadh anois ar chostais sainoiliúna don fhostaí nuacheaptha. Soláthraíodh meastacháin agus sonraí na gcúrsaí oiliúna atá i gceist agus tá siad ábhartha do réimse oibre an phoist.
Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar 16/11/11.

Aguisín 2

Nóta Eolais

Ainm an Eagrais: Comhar na Múinteoirí Gaeilge
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2011

Ag cruinniú boird ar an 20 Bealtaine 2011 ceadaíodh deontas nach mó na **€206,781** mar bhunmhaoiniú do 2011 do Chomhar na Múinteoirí Gaeilge i. **€113,375** (ó Meitheamh go Nollaig) sa bhreis ar an deontas réamhcheadaithe de **€93,406** don tréimhse 1 Eanáir go 31 Bealtaine 2011.

Leasú
I gcomhfhreagras ón eagraíocht dar dáta 19/10/11 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad Chomhar na Múinteoirí Gaeilge (mar a ceadaíodh é ar an 20/05/11) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:

	2011 - € (01 Ean. go 31 Nollaig)	2011 - € Leasú Iarrtha 19/10/11
Tuarastail		
Stiúrthóir *(Príomhoifigeach Cúnta, Meán Fómhair 2008)*	85,202	21,300
Feidhmeannach Oifige *(Oifigeach Feidhmiúcháin Meán Fómhair 2008)*	39,829	39,829
Fo-iomlán	**125,031**	**61,129**
Costais reatha		
Taisteal agus cothabháil	12,000	18,000
Gnáthchostais reatha	12,750	15,200
Fo-iomlán	**24,750**	**33,200**
Imeachtaí / Tionscadail		
Cúrsa Gaeltachta	3,000	3,000
Imeachtaí agus cruinnithe	6,000	12,000
Clár Beo!	6,000	7,000
Cúrsa oiliúna do mhúinteoirí	3,500	3,500
Cruinniú Cinn Bliana	500	1,500
An Tionól Teagaisc	2,000	4,000
Dioplóma sa Nua-Ghaeilge	0	0
Dánphostaer	4,000	4,000
Comórtas Uí Chathail	0	1,000
DVD ar ghairmeacha agus an Bhéaltriail	12,000	48,450
Seoltaí sna Craobhacha agus Bolscaireacht faoin DVD	0	8,000

Scéim na gComhairleoirí	20,000	20,000
Fo-iomlán	**57,000**	**112,450**
Iomlán	**206,781**	**206,779**

Mar eolas

D'fhág an Stiúrthóir a post i mí an Mhárta ach lean an eagraíocht leis an chlár oibre trí cúramaí breise bheith ag an Fheidhmeannach Oifige mar aon le treoir agus comhairle leanúnach ón Lárchoiste. D'éirigh leis an eagraíocht an clár oibre a chur i gcrích go sásúil go dáta

Ceadaíodh go mbeadh an eagraíocht in ann Stiúrthóir a cheapadh ar chonradh go sealadach (i. go deireadh na bliana). Cheap an eagraíocht go mbeadh sé níos fearr leanúint leis an chur chuige reatha agus fuílleach an deontais a chaitheamh ar imeachtaí agus tionscadail ábhartha eile a rachadh chun sochar múinteoirí na tíre. Níl an cur chuige seo inmholta ach táthar sásta leanúint leis go gearrthréimhseach – beifear ag súil le Stiúrthóir a cheapadh i 2012 ag brath ar thoradh an phróisis bhunmhaoinithe. Tá costais níos airde ag baint leis an DVD (idir an DVD féin, costais taistil, imeachtaí agus cruinnithe agus gnáthchostais reatha) agus tá leasú iarrtha chun plé leis sin. Is léir gur tionscadal an-fhiúntach é agus tá éileamh an-mhór air ó mhúinteoirí ar fud na tíre. Tá cuirí faighte ag an eagraíocht ó pháirtithe leasmhara an DVD a sheoladh agus cruinnithe a reáchtáil le múinteoirí sna cathracha agus sna mór-bhailte ar fud na tíre (m.sh. Corcaigh, Port Laoise, Luimneach, Gaillimh Má Nuad agus Baile Átha Cliath) Cuireadh in iúl go bhfuil ar an meán 90 múinteoir ag freastal ar na seoltaí/cruinnithe seo. Mar aon leis seo tá cóip den DVD curtha amach chuig gach iarbhunscoil sa tír idir scoileanna Gaeltachta, Gaelcoláistí agus scoileanna Galltachta.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 08/11/11

Aguisín 3

Nóta Eolais

Ainm an Eagrais: Gaelscoileanna Teo.
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2011

Ag cruinniú boird ar an 20 Bealtaine 2011 ceadaíodh deontas nach mó na **€461,184** mar bhunmhaoiniú do 2011 do Ghaelscoileanna Teo. i. **€243,595** (ó Meitheamh go Nollaig) sa bhreis ar an deontas réamhcheadaithe de **€217,589** don tréimhse 1 Eanáir go 31 Bealtaine 2011.

Leasú
I gcomhfhreagras ón eagraíocht dar dáta 09/09/11 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad Ghaelscoileanna Teo (mar a ceadaíodh é ar an 20/05/11) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh toisc botún a bheith déanta acu féin (cf. nóta thíos).

	2011 - € (01 Ean. go 31 Nollaig)	**Leasú Iarrtha € (09/09/11)**
Tuarastail		
Ardfheidhmeannach (POC, M.F. 2008)	93,960	93,864
Leas Ardfheidhmeannach (AOF, M.F. 2008)	70,590	70,590
Oifigeach Forbartha (OF, MF 2008)	39,902	44,753
Feidhmeannach (OF, M.F. 2008	58,703	58,704
Rúnaí Oifige (OC, MF 2008)	40,581	40,364
Fo-iomlán	**303,736**	**308,275**
Costais reatha		
Gnáthchostais reatha	67,661	67,917
Taisteal & Cothabháil	22,500	22,500
Fo-iomlán	**90,161**	**90,417**
Imeachtaí / Tionscadail		
Imeachtaí Idirscoile	18,000	18,000
Scléip	11,210	11,210
Tacaíocht do scoileanna / Deontais Bunaithe Scoileanna	10,000	9,000
Tacaíocht do Choistí Bunaithe	2,250	2,000
Cúrsaí Oiliúna do phríomhoidí agus múinteoirí	0	0

Comhdháil Bhliantúil	15,000	15,000
Comh-sheimineár Lae le FNT	0	0
Ceardlanna Tumoideachais	2,000	2,000
Comhdháil CAER	4,327	3,782
Struchtúr Tacaíochta Réigiúnda	4,500	1,500
Fo-iomlán	**67,287**	**62,492**
Iomlán	**461,184**	**461,184**

Mar eolas

Bhí roinnt de na bunfhigiúirí a cuireadh ar fáil san iarratas míchruinn (ach go háirithe maidir leis an tuarastal don Oifigeach Forbartha). Táthar ag iarraidh an buiséad a leasú chun an réimse tuarastal a ardú ar luach €4,539 le gur féidir leis an eagraíocht an ráta cuí tuarastal a íoc don fhoireann.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 08/11/11

Aguisín 4

Nótaí eolais – Athruithe pleananna

Cois Life
(Iomlán deontas ceadaithe: €88,703)
Athchló 'Canary Wharf' bainte den phlean. Costas níos ísle ná mar a bhí measta ar an obair fhorbartha a rinneadh. Tá an fuílleach ón ciste táirgeachta agus forbartha aistrithe go margaíocht agus tá siad chun catalóg nua a dhéanamh.

Foilseacháin Ábhair Spioradálta
(Iomlán deontas ceadaithe: €17,500)
Ardú ar chostais táirgeachta na leabhair. Maoiniú ó thuarastal agus forbairt curtha i dtreo an ardú seo ar chostais táirgeachta.

Móinín
(Iomlán deontas ceadaithe: €45,100)
Athchló de 'Osama, Obama, Ó, a Mhama'bainte den phlean. Foilseofar níos mó cóipeanna den athchló 'Gafa'anois. Laghdú ar na costais táirgeachta dá bharr agus an fuílleach aistrithe go costais forbartha. Laghdú ar na costais mhargaíochta freisin agus an fuílleach aistrithe go costais forbartha. Déanfar níos mó obair fhorbartha ar an suíomh anois.

Futa Fata
(Iomlán deontas ceadaithe: €59,698)
Titim shubstaintiúil ar dhíolachán leabhair. An dá athchló, 'Gugalaí Gug' agus 'Peigín Leitir Mór' agus costas obair ealaíne'Bliain na nAmhrán' bainte den phlean dá bharr.

Cló Mhaigh Eo
(Iomlán deontas ceadaithe: €56,500)
Ardú ar chostais táirgeachta na leabhair. Ní dhéanfar an obair fhorbartha a bhí beartaithe anois agus aistríodh an maoiniú a bhí ceadaithe don obair seo go táirgeacht. Ní bheidh an oiread caiteachais eile i gceist ach an oiread – fuílleach aistrithe go táirgeacht.

Aguisín 5

Critéir le haghaidh maoiniú réamhscolaíochta

1. Fianaise go gcaithfear an maoiniú go héifeachtach;
2. Fianaise go mbeidh toradh fadtéarmach ar an infheistíocht (go mbeidh an soláthar atáthar a bheartú á cheangal go dlúth le tionscadal bunscolaíochta lán-Ghaeilge agus le himeachtaí sa phobal leis an teanga a neartú);
3. Fianaise go bhfuil tuiscint mhaith ar chritéir na n-údarás cuí dearbhaithe caighdeán, agus go mbeidh an soláthar ag cloí go dlúth le gach coinníoll, coinníollacha cumhdaigh leanaí san áireamh, le go mbeidh sé i dteideal maoiniú príomhshrutha stáit, sula dtiocfaidh deireadh le tréimhse aontaithe mhaoinithe 2 bhliain Fhoras na Gaeilge;
4. Fianaise go bhfuil an t-iarratas ar mhaoiniú ceangailte le pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha d'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar, nó atá ag tacú le tionscadail atá ann cheana féin, agus go bhfuil na pleananna sin á gcomhtháthú le pleananna foras agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le forbairt na Gaeilge agus na gaelscolaíochta sa cheantar;
5. Fianaise go gcuirfidh na forais chuí tacaíochta cuidiú ar fáil don soláthar le linn na staideanna éagsúla d'fhorbairt an tsoláthair, trí litir dhearbhaithe tacaíochta ó fhorais chuí tacaíochta;.
6. Fianaise go bhfuil pleananna ann le caighdeán an tsoláthair a fheabhsú, mar aon le polasaí lena fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach agus tiomantas leis sin a chur i gcrích;
7. Fianaise go mbeidh socruithe ann le caighdeán Gaeilge na foirne a chinntiú agus a fhorbairt go leanúnach, agus go leanfar den treoir atá á leagan amach ag Forbairt Naíonraí Teoranta;
8. Fianaise go mbeidh deiseanna foghlama Gaeilge ann, nó sa phobal, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne;
9. Fianaise go mbeidh imeachtaí breise Gaeilge ann sa phobal do na páistí taobh amuigh de na seisiúin foirmeálta, agus don scoilphobal.

Foras na Gaeilge **Cruinniú Boird: 2 Nollaig 2011**

Bhí cruinniú de Chomhchoiste Cholmcille ar 18 Samhain 2011. Pléadh na hiarratais a leanas agus mhol an Comhchoiste na cinnithe thíos:

Éire – Thuaidh.

Ainm	**Méid lorgtha**	**Méid molta**	**2011**	**2012**
Ógras an Chaistil	£7,050	£6,750	0	£6,750
Verbal Arts Centre	£1,000	£1,000	£750	£250
Naíscoil na Speiríní	£4,936	£3,500	£2,500	£1,000
Iomlán		**£11,250**	**£3,250**	**£8,000**

Éire – Theas.

Ainm	**Méid lorgtha**	**Méid molta**	**2011**	**2012**
Oideas Gael	€4,500	€4,500	0	€4,500
An Ciorcal Scríbhneoireachta	€2,700	€2,700	0	€2,700
Féile na Gréine	€3,975	€3,000	0	€3,000
Féile Chomórtha Joe Éinniú	€2,700	€2,500	0	€2,500
Professor Noel P. Wilkins	€2,000	€500	0	€500
Listowel Writers' Week	€3,000	€1,500	0	€1,500
Scoil Cheoil an Earraigh 2012	€4,720	€3,500	€2,500	€1,000
Na Macallaí	€4,000	€3,500	€2,500	€1,000
Scoil Samhraidh Willie Clancy	€3,500	€3,500	0	€3,500
Paddy Bushe	€1,700	€1,500	€1,000	€500
Iomlán		**€26,700**	**€6,000**	**€20,700**

Moltar eolas breise a lorg maidir leis na hiarratais a leanas agus iad a phlé arís i 2012.

Ainm	Méid lorgtha	Méid molta	2011	2012
Lár-Chomhairle Ghleann C.C.	€2,500	0	0	0
An Cosán Glas	€3,200	0	0	0
Domhnall Mac Síthigh	€6,400	0	0	0
Gearóid Ó Néill	€6,700	0	0	0
Muintearas	€13,000	0	0	0
An Cabaret Craiceáilte	€24,000	0	0	0

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo de bhrí gu faisnéis dhíolmhaite í
faoi Chuid 2, míreanna 6,8 9 agus 10 den
Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Moltar eolas breise a lorg maidir leis na hiarratais a leanas agus iad a phlé arís i 2012.

Ainm	Méid lorgtha	Méid molta	2011	2012
Club Carataidh SMO	£2,650	0	0	0

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo de bhrí gu faisnéis dhíolmhaite í
faoi Chuid 2, míreanna 6,8 9 agus 10 den
Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Mhol Comhchoiste Cholmcille na cinntí breise a leanas:

Ainm	**2011**	**2012/13**
Slí Cholmcille – dhá sheastáin iniompair a ordú le hagaidh na scáileáin tadhaill a chur ar taispeáint (£1,400 móide CBL)	£1,680	0
Slí Cholmcille – naoi léarscáil thrítheangacha (Gaeilge, Gàidhlig agus Béarla) a chur leis an suíomh idirlín sa dóigh gur féidir le daoine iad a íoslódáil i gcruth pdf le heolas an bhealaigh a dhéanamh go soiléir (£620 móide CBL)	£744	0
Slí Cholmcille – an suíomh gréasáin a chóiriú le haghaidh comhaid fuaime: (£3,660 móide CBL)	£4,320	0
Slí Cholmcille – Seoltaí i gCúil Raithin/ Léim an Mhadaidh agus Béal Feirste agus Doire	0	£3,500
Iomlán	**£6,744**	**£3,500**

Nóta breise maidir le Colmcille.

Cheadaigh Comhchoiste Cholmcille deontas do **Ceiltic Neighbours, Gael-Trail agus Fèis nan Gàidheal mar a leanas;**

Ainm	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Celtic Neighbours	£4,000	£4,000 (£2,000 i 2011 agus £2,000 i 2012)

Ainm	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Gael-Trail	£6,450	£3,000

Ainm	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Fèis na Gàidheal	€15,000	€11,000

Tá na leasuithe a leanas le déanamh orthu;

Celtic Neighbours: Bhí Celtic Neighbours ar liosta Albain in áit liosta Éire Thuaidh.

Gael-Trail:. Is iarratas é seo ó **Chomhairle Dhún Geanainn agus Tír Eoghain Theas** in áit Gael-Trail.

Feis na Gaidheal: Bhí Feis na Gaidheal luaithe san liosta diúltaithe mar bhí eolas breise ag teastáil. Tá an teolas sin faighte anois.

I gcás **Feis Rois,** is é an deontas a mhol Comhchoiste Cholmcille ná £11,500 in áit £16,000.

I gcás **Ariel Killick**, mhol an Chomhchoiste deontas nach mó ná £1,000 a chur ar fáil dí chun freastal ar sheimineár i nGlaschú

D'aontaigh an Chomhchoiste ar 10,000 cóip de léarscáil Cholmcille a chur i gcló ar chostas £9,300 móide 1,000 cóip den cheann speisialta atá oiriúnach do scoileanna ar chostas £4,000.